AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 18.4.2023
COM(2023) 207 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An bhearna thallainne chibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht an Aontais**
**('An tAcadamh Scileanna Cibearshlándála')**

GA GA

**An bhearna thallainne chibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht an Aontais**
**('An tAcadamh Scileanna Cibearshlándála')**

## 1. An géarghá atá le rioscaí a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna cibearshlándála agus ar bhearnaí scileanna cibearshlándála

Ní hamháin gur cuid de shlándáil na saoránach, na ngnólachtaí agus na mBallstát í an chibearshlándáil. Is gá í freisin chun cobhsaíocht pholaitiúil an Aontais, cobhsaíocht a dhaonlathas agus rathúnas ár sochaí agus ár ngnólachtaí a áirithiú. Tá forbairt mhór tagtha ar **thimpeallacht bhagartha** na cibearshlándála le blianta beaga anuas, agus is ábhar imní é go ndírítear líon méadaitheach cibirionsaithe ar bhonneagar criticiúil míleata agus sibhialtach san Aontas. Méadaíonn gníomhaithe bagartha a gcumais agus tá bagairtí nua agus hibrideacha ag teacht chun cinn, amhail úsáid botaí agus teicnící atá bunaithe ar an intleacht shaorga[1]. Go háirithe, tá dochar suntasach á dhéanamh go rialta d'eintitis ag gníomhaithe bagartha bogearraí éirice, ó thaobh airgeadais agus clú de araon[2].

Le líon mór teagmhas cibearshlándála freisin, díríodh ar riarachán poiblí agus ar rialtais sna Ballstáit, chomh maith le hInstitiúidí, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Eorpacha[3]. Díríodh go seasta freisin ar na hearnálacha airgeadais[4] agus sláinte[5], atá mar chnámh droma na sochaí agus an gheilleagair[6]. Leis an teannas geopholaitiúil a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá méadú tagtha ar an mbagairt chibearshlándála[7] agus d'fhéadfadh sé ár sochaí a dhíchobhsú. Ní féidir **slándáil** an Aontais a ráthú gan **an tsócmhainn is luachmhaire atá ag an Aontas**: **a mhuintir.** Gairmithe a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí acu chun cibirionsaithe a chosc, a bhrath, a dhíspreagadh agus chun an tAontas a chosaint ina gcoinne, lena n-áirítear na bonneagair is tábhachtaí dá bhfuil aige, agus chun **athléimneacht** an Aontais a áirithiú, tá géarghá leis na daoine sin san Aontas.

Leis an mbearna thallainne chibearshlándála, cuirtear isteach níos mó ar **iomaíochas** agus **fás** an Aontais, atá ag brath go mór ar fhorbairt agus ar ghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha (e.g. an intleacht shaorga, 5G agus an néal). Tá gá le lucht saothair

---

[1] Tuarascáil ENISA 2022 ar thimpeallacht na bagartha — ENISA (europa.eu)

[2] Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar Líne (IOCTA), 2021. Cuireann gníomhaithe den sórt sin leis an tsamhail de Bhogearraí-éirice-mar-sheirbhís. Bhí níos mó ná EUR 18,4 billiún sa chostas bliantúil ar ghnólachtaí in 2022 (Tuarascáil 2022 ó Cybereason maidir le fíorchostas Bogearraí éirice ).

[3] Féach mar shampla Foilseachán Comhpháirteach ó ENISA agus CERT-EU, JP-23-01 - *Sustained activity by specific threat actors* [Gníomhaíocht leanúnach ag gníomhaithe bagartha], TLP:CLEAR, 15 Feabhra 2023.

[4] Féach mar shampla sa Ghearmáin, fioscaireacht airgeadais a bhí i 90 % den chalaois poist a tuairiscíodh ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2022, nó an t-ionsaí ar chuideachta san earnáil airgeadais, a bhain le níos mó ná 20 000 feiste ionfhabhtaithe ó 125 thír, *The State of IT Security in Germany in 2022, Bundesamt für Sicherheit in der Informationstechnik (BSI)*, 1 Eanáir 2023

[5] Féach mar shampla sa Fhrainc, ionsaithe bogearraí éirice ar shaoráidí cúraim sláinte poiblí amhail Centre Hospitalier Sud Francilien, inar chuir an gníomhaí bagartha 11 GB de shonraí pearsanta agus leighis i mbaol, lena n-áirítear sonraí maidir le baill foirne, agus inar fhoilsigh sé iad, *Panorama de la cybermenace 2022, Agence nationale de la sécurité des systèmes d'information (ANSSI)*, Mí Eanáir 2023

[6] ENISA Timpeallacht na Bagartha 2022

[7] Féach freisin: CERT-EU — *Russia's war on Ukraine*: *one year of cyber operations* [Cogadh na Rúise ar an Úcráin: bliain amháin de chibearoibríochtaí] (europa.eu) ; Cibearoibríochtaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine:Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh, an 10 Bealtaine 2022 ; Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le cibirghníomhaíochtaí mailíseacha arna ndéanamh ag haiceálaithe agus ag grúpaí haiceálaithe i gcomhthéacs ionsaí na Rúise ar an Úcráin, an 19 Iúil 2022.

cibearshlándála oilte chun go mbeidh an tAontas in ann príomhtheicneolaíochtaí sárfhorbartha a chur ar fáil i gcomhthéacs domhanda.

Chun ullmhú do thimpeallacht na bagartha sin atá ag athrú go tapa, chun aghaidh a thabhairt ina coinne agus chun iomaíochas an Aontais a chothú, rinneadh dul chun cinn mór ar bheartas cibearshlándála an Aontais le blianta beaga anuas agus glacadh roinnt tionscnamh dá bharr, amhail Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh don Deacáid Dhigiteach[8], an Treoir athbhreithnithe maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise (an Dara Treoir NIS)[9], reachtaíocht earnála chibearshlándála an Aontais[10], beartas cibearchosanta an Aontais[11], an Gníomh um Chibear-Athléimneacht[12] agus an Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, a mholann an Coimisiún in éineacht leis an Teachtaireacht seo. Gan na daoine oilte is gá chun na tionscnaimh sin a chur chun feidhme, áfach, ní bhainfear amach cuspóirí na bpíosaí reachtaíochta sin. Cé go dtugtar aghaidh ar eolas bunúsach an phobail i gcoitinne ar an gcibearshlándáil mar chuid de thionscnaimh lena dtacaítear le forbairt na scileanna ginearálta a theastaíonn chun páirt a ghlacadh sa tsochaí[13], is gá lucht saothair inniúil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear in eagraíochtaí um chaighdeánú, **chun na ceanglais dhlíthiúla agus bheartais sin maidir leis an gcibearshlándáil a bhaint amach.**

Dá bhrí sin, tá slándáil agus iomaíochas an Aontais ag brath ar lucht saothair cibearshlándála oilte gairmiúil a bheith ann. Mar sin féin, tá ganntanas an-mhór de ghairmithe cibearshlándála oilte os comhair an Aontais, rud a chuireann an tAontas, a Bhallstáit, a ghnólachtaí agus a shaoránaigh i mbaol teagmhais chibearshlándála. In 2022, bhí idir 260 000[14] agus 500 000 [15]gairmí cibearshlándála sa ghanntanas sin san Aontas agus measadh go raibh 883 000 gairmí[16] i riachtanais lucht saothair cibearshlándála an Aontais, lena dtugtar le fios go bhfuil mí-ailíniú idir na hinniúlachtaí atá ar fáil agus na cinn is gá don mhargadh saothair. Déantar tuilleadh dochair don lucht saothair cibearshlándála leis an míthuiscint a bhaineann

---

[8] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh don Deacáid Dhigiteach, JOIN(2020) 18 final.

[9] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS)

[10] Amhail, i gcás na hearnála airgeadais, Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (Rialachán DORA)

[11] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais, JOIN(2022) 49 final

[12] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020, COM(2022) 454 final

[13] I measc na dtionscnamh ábhartha lena dtugtar aghaidh ar scileanna digiteacha ginearálta don phobal: tá sé mar sprioc de Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Compás Digiteach, den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027, d'uirlis an Chreata Inniúlachta Digití, nó den togra ar mholadh ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint, go mbeidh scileanna digiteacha bunúsacha ag 80 % den phobal faoi 2030.

[14] (ISC)² in *Assessing Cyber Skills on the basis of the ECSF* [Measúnú a dhéanamh ar chibearscileanna ar bhonn an Chreata Eorpaigh um Scileanna Cibearshlándála], seimineár gréasáin ENISA, 16 Feabhra 2023

[15] De réir na hEagraíochta Eorpaí um Chibearshlándáil, mar a luaitear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais, JOIN(2022) 49 final

[16] (ISC²) in *Assessing Cyber Skills on the basis of the ECSF* [Measúnú a dhéanamh ar chibearscileanna ar bhonn an Chreata Eorpaigh um Scileanna Cibearshlándála], seimineár gréasáin ENISA, 16 Feabhra 2023

lena íomhá theicniúil, agus teipeann air fós **mná** a mhealladh, agus mná atá in 20 % de chéimithe cibearshlándála[17] agus in 19 % de speisialtóirí na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC)[18]. Chun aghaidh a thabhairt air sin, i **gClár Beartais 2030 na hEorpa don Deacáid Digiteach**, leagtar síos an sprioc méadú 20 milliún a chur ar an líon gairmithe TFC faoi 2030[19], agus cóineasú inscne a bhaint amach ag an am céanna. Thairis sin, is gá lucht saothair leordhóthanach atá oilte go leormhaith chun beartas de chuid an Aontais atá ag teacht chun cinn a chur chun feidhme. Mar shampla, léirigh níos mó ná 42 % de cheannairí sinsearacha TF i dtionscal na seirbhísí airgeadais go bhfuil an easpa scileanna agus saineolais cibearshlándála mar phríomhdhúshlán atá os comhair a ngnólachtaí i gcomhthéacs cosaint chibearshlándála agus bainistiú teagmhas[20], tráth a mbeidh orthu reachtaíocht earnála chibearshlándála a chur chun feidhme, amhail an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil.

Tá drogall ar fhostóirí infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna, agus iad ag lorg lucht saothair atá oilte agus a bhfuil taithí acu cheana féin, agus cuirtear srian ar an margadh saothair dá bharr sin[21]. Déantar difear go gach cineál cuideachta leis an nganntanas sin, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), arb ionann iad agus 99 % de na gnólachtaí uile san Aontas[22]. Is dúshlán mór é sin freisin atá roimh riaracháin phoiblí atá buailte go mór agus a ndéantar an difear is mó dóibh le teagmhais chibearshlándála[23].

Ní mór bearna tallainne gairmiúla cibearshlándála an Aontais a dhúnadh ar bhonn práinne, toisc go bhfuil slándáil agus iomaíochas an Aontais i mbaol.

## 2. An easpa sineirgí agus gníomhaíocht chomhordaithe chun an bhearna scileanna cibearshlándála a dhúnadh

Tá ag eirí go maith le tionscnaimh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal atá á ndéanamh ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas i margadh saothair na cibearshlándála. Mar sin féin, tá siad scaipthe óna chéile agus níor éirigh leo mais chriticiúil a bhaint amach go dtí seo chun difríocht shuntasach a dhéanamh.

Ar dtús, tá comhthuiscint theoranta ann faoi láthair ar chomhdhéanamh lucht saothair cibearshlándála an Aontais agus ar na scileanna lena mbaineann, agus ba cheart an tacar céanna scileanna a bheith i gceist le próifílí poist cibearshlándála comhchosúla. Mar gheall ar an nglacadh íseal de **chreat comhchoiteann tagartha Eorpach le haghaidh gairmithe cibearshlándála**, tá easpa uirlisí cumarsáide ann idir fostóirí, oideoirí agus lucht ceaptha beartas, agus ní féidir tomhas ná measúnú a dhéanamh ar na bearnaí i margadh saothair na cibearshlándála. Cuirtear cosc leis freisin ar churaclaim oideachais agus oiliúna a dhearadh agus ar chonairí gairme a chruthú lena bhfreagraítear do riachtanais bheartais agus riachtanais an mhargaidh le haghaidh na ndaoine sin atá ag iarraidh dul isteach sa ghairm. Chun an lucht

[17] An Bunachar Sonraí um Ardoideachas Cibearshlándála (CyberHEAD)

[18] Níl ach 19 % de speisialtóirí TFC san Aontas ina mná An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach 2022 |Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (europa.eu). Níl aon uimhir ar fáil maidir leis an líon ban i lucht saothair cibearshlándála an Aontais.

[19] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais na Deacáide Digití 2030, lena mbunaítear sásra faireacháin agus comhair chun na cuspóirí agus na spriocanna coiteanna le haghaidh aistriú digiteach na hEorpa a leagtar amach i gCompás Digiteach 2030, lena n-áirítear réimse na scileanna.

[20] *S-RM Cyber Security Insights Report 2022*.

[21] *Cybersecurity Skills Development in the EU* [Forbairt Scileanna Cibearshlándála san Aontas Eorpach], ENISA, Mí na Nollag 2019

[22] Sainmhíniú ar FBM (europa.eu)

[23] Tuarascáil ENISA 2022 ar Thimpeallacht na Bagartha — ENISA (europa.eu)

saothair a **uas-sciliú agus a athsciliú,** bítear ag brath go forleathan ar oiliúint agus deimhnithe cibearshlándála, a chuireann soláthraithe príobháideacha ar fáil de ghnáth. Mar sin féin, tá deacrachtaí ag an lucht saothair forléargas a fháil ar cháilíocht na hoiliúna cibearshlándála a chuirtear ar fáil agus ar na deimhnithe lena mbaineann a eisítear.

Ós rud é go bhfuil gá le hoideachas agus oiliúint agus conairí gairme a thógáil chun feabhas a chur ar thaobh soláthair mhargadh an tsaothair, tá ról **thaobh an éilimh** maidir lena lucht saothair a oiliúint agus é féin a oiriúnú dá theacht chun cinn á meas faoina luach faoi láthair. Níl fóraim ná áiteanna coiteanna ag fostóirí san earnáil agus fostóirí poiblí chun smaointe a chur le chéile maidir leis an mbealach is fearr le hoiliúint a chur ar an lucht saothair agus aghaidh a thabhairt ar conas **measúnú níos fearr a dhéanamh ar scileanna**, go háirithe le linn an phróisis earcaíochta. D'fhéadfadh sé go bhfuil baint ag na **scileanna crua** is mó a bhfuil éileamh orthu leis an gcibearshlándáil[24], amhail forbairt bogearraí nó néalríomhaireacht[25], ach déantar neamhaird gan údar ar **scileanna idirdhisciplíneacha**. Is grúpaí scileanna a éilíonn níos mó fostóirí iad an smaointeoireacht chriticiúil agus an anailís chriticiúil, réiteach fadhbanna agus féinbhainistíocht[26], agus tá siad ag éirí níos lárnaí idir seo agus 2025[27].

Tá go leor tionscnaimh infheistíochta poiblí agus príobháideacha le haghaidh scileanna cibearshlándála ann cheana féin, agus tá tionscadail á **maoiniú** go forleathan ag an Aontas faoi ionstraimí éagsúla[28]. Mar sin féin, ardaítear ceisteanna leis an nganntanas leanúnach scileanna san Aontas maidir lena n-infheictheacht agus lena dtionchar agus tugtar le fios go bhféadfadh sé nach mbeidís ag teacht go córasach le riachtanais an mhargaidh, ar riachtanais iad nach mór a mhapáil go práinneach ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, bíonn dúbailt mar thoradh ar roinnt foinsí cistithe, agus cailltear an deis iad a uas-scálú agus fíorthionchar a bheith acu. Thairis sin, ní féidir leo siúd a bhfuil an infheistíocht de dhíth orthu na foinsí is oiriúnaí dá riachtanais a shainaithint i gcónaí.

Tá **na páirtithe leasmhara** ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist chasta ilghnéitheach a bhaineann leis an nganntanas scileanna cibearshlándála. Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) ag forbairt ionstraimí a bhaineann le rólphróifílí nó le hardoideachas[29], tá aghaidh á tabhairt ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála[30] ar scileanna cibearshlándála i meitheal thiomnaithe, tá an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint ag obair ar scileanna cibearshlándála an lucht saothair shibhialtaigh agus mhíleata i gcomhthéacs an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta[31], tá eagraíochtaí príobháideacha ag déanamh iarrachta dul i ngleic leis an tsaincheist[32], tá treochlár agus oiliúint lena ndírítear ar an bhearna scileanna á bhforbairt ag

[24] *LinkedIn 2023 Most In-Demand Skills: Learn the Skills Companies Need Most*

[25] Grafaic faisnéise Chumann Iniúchóireachta agus Rialaithe na gCóras Faisnéise maidir le Staid na Cibearshlándála 2022

[26]Amhail uirlis CEDEFOP: Skills-OVATE | CEDEFOP (europa.eu)

[27] Tuarascáil maidir leis an bhFostaíocht amach anseo, Mí Dheireadh Fómhair 2020, an Fóram Eacnamaíoch Domhanda

[28] Mar shampla: an Comhaontas Scileanna Cibearshlándála – Fís Nua don Eoraip – tionscadal REWIRE (á chistiú ag clár Erasmus+); tionscadail lena dtacaítear leis an Lárionad um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECHO, CONCORDIA, CyberSec4Europe, SPARTA (á chistiú ag Fís 2020) Cybersecpro project (á chistiú ag an gClár don Eoraip Dhigiteach).

[29] Go háirithe: an Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála; CYBERHEAD - An Bunachar Sonraí um Ardoideachas Cibearshlándála; An tArdán um Chleachtadh Cibearshlándála; Dúshlán Cibearshlándála na hEorpa; Mí Eorpach na Cibearshlándála.

[30] Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin

[31] Go háirithe an t-ardán cibearoideachais, oiliúna, cleachtaidh agus meastóireachta

[32] Mar shampla, Meitheal 5 de chuid na hEagraíochta Eorpaí um Chibearshlándáil maidir le 'Oideachas, oiliúint, feasacht, cibear-raonta, tosca daonna'; an eagraíocht DIGITALEUROPE

an earnáil deimhnithe cibearshlándála[33]. Tá na Ballstáit ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist freisin trí thionscnaimh éagsúla, idir thionscnaimh rialála[34] nó acadaimh scileanna cibearshlándála[35] nó Cibearchampais[36] a chur ar bun, Ionaid Barr Feabhais maidir leis an gCibearchoireacht[37], nó trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí[38]. Mar sin féin, is minic nach mbíonn comhordú ná sineirgí ag obair na bpáirtithe leasmhara sin uile, agus níor éirigh leis an obair sin difear mór a dhéanamh don mhargadh fostaíochta mar a léirítear leis an nganntanas méadaitheach sa lucht saothair cibearshlándála san Aontas. Is gá sineirgí a mhéadú ar fud na gcibearphobal freisin toisc gur minic gur den chineál céanna iad na scileanna riachtanacha chun tacú leis an gcibearshlándáil, chun an **chibearchoireacht** a chomhrac nó chun freagairtí **cibearchosanta** a thógáil.

Ar deireadh, sa lá atá inniu ann, níl ach bealach teoranta ag an Aontas chun measúnú a dhéanamh ar **staid agus ar theacht chun cinn mhargadh saothair na cibearshlándála** agus ar scileanna a lucht saothair. Bíonn na Ballstáit agus Institiúidí, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Eorpacha ag brath ar shonraí a bhailigh eintitis phríobháideacha nó ar shraith níos leithne sonraí arna mbailiú san Aontas go háirithe ag Eurostat[39] agus ag an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP)[40] maidir le gairmithe TFC. Is é sin le rá, níl ach dearcadh páirteach agus ilroinnte ag an Aontas ar a chuid riachtanas, rud a chuireann cosc air fís chomhiomlánaithe a fháil ar staid mhargadh saothair na cibearshlándála a chomhdhlúthú.

## 3. Freagairt chomhordaithe ar fud an Aontais: an tAcadamh Scileanna Cibearshlándála

### *3.1.An cuspóir*

Chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar scileanna cibearshlándála agus an bhearna sa mhargadh saothair a dhúnadh, tá Acadamh Scileanna Cibearshlándála á chur chun cinn ag an gCoimisiún, mar a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ina Litir Intinne ar Staid an Aontais in 2022[41, 42], agus i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna.

Tá sé d'aidhm ag an Acadamh um Scileanna Cibearshlándála (ar a dtugtar 'an tAcadamh') **pointe iontrála aonair agus sineirgí** a chruthú le haghaidh tairiscintí oideachais agus oiliúna i ndáil leis an gcibearshlándáil agus le haghaidh deiseanna cistiúcháin agus gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le forbairt scileanna cibearshlándála. Déanfar tionscnaimh na bpáirtithe leasmhara a uas-scálú leis chun mais chriticiúil a bhaint amach lena ndéanfar difear don mhargadh saothair, lena n-áirítear i gcás na cosanta. Bheadh na gníomhaíochtaí sin ailínithe maidir le comhspriocanna agus eochairtháscairí feidhmíochta chun tionchar níos a dhéanamh.

---

[33] Mar shampla, Institiúid SANS,, (ISC)², ISACA

[34] Mar shampla, i straitéisí náisiúnta um oideachas nó um chibearshlándáil

[35] Mar shampla, C-Academy sa Phortaingéil

[36] Mar shampla, Cibearchampais sa Fhrainc

[37] Mar shampla, Ionad Barr Feabhais cibearshlándála na Liotuáine um Oiliúint, Taighde agus Oideachas sa Liotuáin (L3CE)

[38] Mar shampla, Tionscnamh Microsoft i ndáil le Scileanna Cibearshlándála

[39] *ICT specialists in employment - Statistics Explained* [Speisialtóirí TFC atá fostaithe - Míniú ar Staidreamh] (europa.eu)

[40] Amhail uirlis CEDEFOP: Skills-OVATE | CEDEFOP (europa.eu)

[41] Litir Intinne ar Staid an Aontais 2022 chuig an Uachtarán Roberta Metsola agus chuig an bPríomh-Aire Petr Fiala

[42] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais, JOIN(2022) 49 final

Beidh an tAcadamh ag díriú ar oiliúint a chur ar **ghairmithe cibearshlándála**. Le gníomhaíocht an Acadaimh, cuirfear le beartais an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil, ach cuirfear leis an oideachas agus leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil freisin. Comhlánaíonn sé an dá mholadh ón gComhairle a bhaineann le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha a mhol an Coimisiún an tráth céanna leis an Teachtaireacht seo[43].

Beidh an tAcadamh ag brath ar cheithre cholún: (1) **táirgeadh eolais trí oideachas agus oiliúint** a chothú trí obair a dhéanamh ar chreat comhchoiteann um rólphróifílí cibearshlándála agus na scileanna lena mbaineann, feabhas a chur ar thairiscintí oideachais agus oiliúna na hEorpa chun freastal ar na riachtanais, conairí gairme a thógáil agus infheictheacht agus soiléireacht a thabhairt ar oiliúint chibearshlándála agus deimhnithe cibearshlándála chun feabhas a chur ar thaobh soláthair an lucht saothair; (2) treorú agus infheictheacht níos fearr a áirithiú maidir le **deiseanna cistiúcháin** atá ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le scileanna chun a dtionchar a uasmhéadú; (3) iarraidh ar pháirtithe leasmhara **gníomhaíocht a dhéanamh**; agus (4) táscairí a shainiú chun **faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn an mhargaidh** agus a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a ngníomhaíochtaí.

Tacófar le cur chun feidhme an Acadaimh le cistiú EUR 10 milliún ón gClár don Eoraip Dhigiteach[44].

### *3.2.Rialachas an Acadaimh*

I ndeireadh na dála, chun bonneagar a chur ar fáil atá mar **phointe iontrála aonair** chun comhar a chothú idir an saol acadúil, soláthraithe oiliúna agus earnáil na tionsclaíochta, ina bhféadfadh taobhanna soláthair agus éilimh éiceachóras cibearshlándála an Aontais teacht le chéile agus dul faoi oiliúint, d'fhéadfadh an tAcadamh a bheith ina **chuibhreannas don bhonneagar digiteach Eorpach** [45]. Leis an ionstraim sin, bheadh na Ballstáit in ann oibriú i gcomhar le chéile chun an bhearna scileanna cibearshlándála a dhúnadh, chomh maith le dlúthchomhar a dhéanamh leis an gCoimisiún, le ENISA agus leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, i gcomhréir lena sainorduithe agus lena n-inniúlachtaí, agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile a thabhairt ar bord, mar aon le hinfheistíocht Eorpach, náisiúnta agus phríobháideach a dhíriú ar chomhchuspóir. Chun na críche sin, moltar do na Ballstáit a bhfuil spéis acu réamhfhógra a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Bealtaine 2023 maidir leis an iarratas a dhéanfaidh siad amach anseo ar chuibhreannas don bhonneagar digiteach Eorpach den sórt sin. Leis an réamhfhógra deonach sin, bheadh an Coimisiún in ann barúlacha a eisiúint go luath maidir leis an dréacht-iarratas ar chuibhreannas don bhonneagar digiteach Eorpach, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí é a fhorbairt a thuilleadh agus a chur isteach go foirmiúil ar bhealach níos tapúla. Le linn an phróisis ar fad agus a mhéid a iarrann na Ballstáit é, éascóidh an Coimisiún, ag gníomhú dó mar luasaire tionscadail ilnáisiúnta, iarratas ar chuibhreannas don bhonneagar digiteach Eorpach a ullmhú. Ansin, tar éis don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh ar an iarratas agus tar éis formheas a fháil ó Choiste an Chláir um Dheacáid Dhigiteach, d'eiseodh an Coimisiún Cinneadh lena mbunaítear an cuibhreannas don bhonneagar digiteach Eorpach agus ina dhiaidh sin

[43] Tograí le haghaidh moltaí ón gComhairle maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil, agus maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint.

[44] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021, lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240

[45] Bunaíodh cuibhreannais don bhonneagar digiteach Eorpach i gCinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais na Deacáide Digití 2030, Airteagal 13 et sq.

chuideodh sé le cur chun feidhme an chuibhreannais don bhonneagar digiteach Eorpach a chomhordú[46].

Idir an dá linn, agus an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach á chur ar bun go foirmiúil, cruthóidh an Coimisiún pointe iontrála aonair fíorúil trí feabhas a chur ar **Ardán an Choimisiúin um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha[47]** le tacaíocht ó thionscadal Tacaíochta ón gComhphobal Eorpach um Chibearshlándáil[48].

Rannchuideoidh **ENISA** le cur chun feidhme an Acadaimh i gcomhréir le cuspóirí na gníomhaireachta[49], go háirithe maidir le cúnamh i gcás oideachas agus oiliúint cibearshlándála, agus a oibleagáidí tuairiscithe faoin Dara Treoir NIS á gcur san áireamh[50]. Oibreoidh an **Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála** i gcomhréir lena Chlár Oibre Straitéiseach chun tacú le cur chun feidhme an Acadaimh Scileanna Cibearshlándála. Go háirithe, cuirfidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála Cuspóir Straitéiseach 3 (an Chibearshlándáil) den Chlár don Eoraip Dhigiteach chun feidhme. Bainfidh sé tairbhe as tacaíocht ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit, trí na **Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta**. Déanfar an Grúpa Comhair a bunaíodh faoin Dara Treoir NIS[51] a iarraidh i gcás inarb ábhartha. Ar deireadh, beidh gá le dul i gcomhar le **hearnáil na tionsclaíochta** agus leis **an saol acadúil** chun sprioc an Acadaimh a bhaint amach, is é sin an bhearna scileanna cibearshlándála a dhúnadh.

## 4. Táirgeadh eolais agus oiliúint: cur chuige comhchoiteann de chuid an Aontais a bhunú maidir le hoiliúint chibearshlándála

Faoin gcolún maidir le táirgeadh eolais agus oiliúint san Acadamh Scileanna Cibearshlándála, forbrófar cur chuige struchtúrtha a mbeidh sé mar chuspóir soiléir aige an **líon** daoine a bhfuil scileanna cibearshlándála acu san Aontas a mhéadú, oiliúint a dhíriú ar **riachtanais an mhargaidh** ar bhealach níos fearr, agus infheictheacht maidir le **conairí gairme** a chur ar fáil.

### *4.1. An teanga chéanna a labhairt: cur chuige comhchoiteann maidir le rólphróifílí cibearshlándála agus scileanna lena mbaineann*

Tá obair déanta cheana féin ag ENISA chun rólphróifílí gairmithe cibearshlándála a shainiú faoin gCreat Inniúlachta Eorpach um Chibearscileanna[52]. Ba cheart é sin a bheith mar bhonn

[46] ibid, Airteagal 12

[47] Baile |An tArdán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha (europa.eu)

[48] Féach *European Cybersecurity Competence Centre and Network: new EU-funded project to support the Cyber Community* [An Líonra agus an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála: tionscadal nua atá maoinithe ag an Aontas chun tacaíocht a thabhairt don Chibearphobal] (europa.eu). I mí na Nollag 2022, shínigh an Coimisiún Eorpach conradh dar luach EUR 3 mhilliún chun tacú le Cibearphobal an Aontais faoi chuimsiú an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Leis an tionscadal sin, rannchuideofar le spriocanna an Aontais maidir le forbairt pobail agus acmhainneachta maidir le taighde, nuálaíocht, glacadh agus bonn tionsclaíoch cibearshlándála.

[49] 'Tacóidh ENISA le forbairt acmhainneachta agus le hullmhacht ar fud an Aontais trí chuidiú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha (...) d'fhonn scileanna agus inniúlachtaí i réimse na cibearshlándála a fhorbairt.' Airteagal 4 (3) den Ghníomh um Chibearshlándáil

[50] Airteagal 18 den Dara Treoir NIS

[51] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS)

[52] An Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála — ENISA (europa.eu) Leis an gCreat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála, tacaítear le sainaithint agus cur in iúl cúraimí, inniúlachtaí, scileanna agus eolais a bhaineann le róil gairmithe cibearshlándála Eorpacha. Déantar achoimre ann ar na róil uile a bhaineann leis an gcibearshlándáil i bpróifílí,

an Acadaimh chun scileanna ábhartha a shainiú agus a mheasúnú, monatóireacht a dhéanamh ar theacht chun cinn na mbearnaí scileanna agus táscairí a sholáthar maidir leis na riachtanais nua. Maidir le gach ról cibearshlándála de chuid an Chreat Inniúlachta Eorpaigh um Chibearscileanna, déantar sraith den Chreat Eorpach r-inniúlachtaí is infheidhme[53] a thabhairt isteach mar ghné den phróifíl[54].

Dá bhrí sin, déanfaidh ENISA athbhreithniú ar Chreat Inniúlachta Eorpach um Chibearscileanna agus **sainaithneoidh sé riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn agus bearnaí** sa lucht saothair cibearshlándála, lena n-áirítear trí arduirlisí (e.g. an intleacht shaorga, mórshonraí[55], mianadóireacht sonraí). Chun na críche sin, oibreoidh ENISA faoi stiúradh an **chuibhreannais don bhonneagar digiteach Eorpach**, nuair a bhunófar é, an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, in éineacht le Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta, an Coimisiún, an tionscadal Tacaíochta ón gComhphobal Eorpach um Chibearshlándáil, agus gníomhaithe margaidh[56]. Maidir leis an lucht saothair cibearchosanta, tabharfaidh ENISA aird chuí ar an obair a dhéanann an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint. Ar an gcaoi chéanna, i réimse an chomhraic i gcoinne na cibearchoireachta, cuirfidh ENISA san áireamh na gníomhaíochtaí a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) agus Europol chun Anailís ar Riachtanais Oiliúna Oibríochta[57] a bhunú i ndáil le cibirionsaithe.

Déanfar an Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála a chomhlánú agus a athbhreithniú go rialta faoin Acadamh le linn timthriall dhá bhliain. Ina theannta sin, rannchuideoidh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí le próifílí sonracha agus scileanna lena mbaineann a shainiú le haghaidh earnálacha de réir mar is gá, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, amhail an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint[58], Europol agus CEPOL[59].

Déanfar naisc freisin idir an Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála agus ionstraimí ábhartha de chuid bheartas fostaíochta an Aontais[60]. Go háirithe, déanfar próifílí poist an Chreata Eorpaigh um Scileanna Cibearshlándála chomh maith le scileanna gaolmhara a chomhtháthú san **Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO)**. Cuirfidh sé sin feabhas ar aicmiú gairmeacha agus scileanna i réimse na cibearshlándála agus ar na naisc eatarthu, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca ar dhaoine

a ndéantar anailís aonair orthu i mionsonraí a bhfreagrachtaí, a scileanna, a sineirgí agus a n-idirthuilleamaíochtaí comhfhreagracha.

[53] An Creat Eorpach r-Inniúlachtaí | Esco (europa.eu) Leis an gCreat r-inniúlachtaí, tugtar naisc sheasmhacha i gcomhthéacs cáilíochtaí TFC agus creataí eile atá ábhartha don earnáil, agus DigComp ina measc

[54]Féach Lámhleabhar Úsáideora - an Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála - Mí Mheán Fómhair 2022 maidir leis an méid sin.

[55] Féach, mar shampla, Scileanna-OVATE a d'fhorbair CEDEFOP

[56] Déanfaidh an ghníomhaireacht tuilleadh giarála ar thorthaí tionscadal eile atá cistithe ag an Aontas (e.g. REWIRE, Spás Sonraí do Scileanna (DS4S), CyberSecPro, Concordia) agus modheolaíochtaí a eascraíonn as tionscnaimh chomhchosúla (e.g. e.g. '*Building a Skilled Cyber Security Workforce in Five Countries: Insights from Australia, Canada, New Zealand, United Kingdom and United States*', tuarascáil ó ECFE, a seoladh an 21 Márta 2023) chun fís cothrom le dáta a áirithiú amach anseo maidir leis na riachtanais i dtimpeallacht ina bhfuil an t-éileamh ag teacht chun cinn.

[57] Measúnú ar Riachtanais Oiliúna Oibríochtúla CEPOL

[58] Féach Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Beartas Cibearchosanta an Aontais, JOIN(2022) 49 final maidir leis an méid sin.

[59] I ndáil leis an méid sin, tabharfar aird ar an obair ar an gCreat Inniúlachta um Oiliúint Chibearchoireachta atá á fhorbairt faoi láthair.

[60] Amhail an tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), Europass, an líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES)

uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh agus tacú le meaitseáil poist bunaithe ar scileanna agus le soghluaisteacht trasteorann.

### *4.2.Comhar a chothú chun curaclaim oideachais agus oiliúna i ndáil leis an gcibearshlándáil a dhearadh*

A luaithe a bheidh an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach curtha ar bun, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a thabhairt don Acadamh le bheith ina **áit thagartha san Eoraip chun oiliúint chibearshlándála a dhearadh agus a chur ar fáil** chun aghaidh a thabhairt ar na scileanna is mó éileamh agus chun oiliúint ar an láthair oibre agus tréimhsí oiliúna a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna agus do riaracháin phoiblí i gcuideachtaí nuálacha i lárionaid inniúlachta cibearshlándála agus san earnáil cibearshlándála. Ba cheart an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach a bheith ag oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear an earnáil tionsclaíochta, chun oiliúint den sórt sin a cheapadh, agus cur le tionscadail amhail **CyberSecPro**[61] arna gcistiú ag an gClár don Eoraip Dhigiteach, lena dtugtar le chéile 17 n-institiúid ardoideachais agus 13 chuideachta slándála ó 16 Bhallstát chun a bheith ina ndea-chleachtas do gach clár oiliúna cibearshlándála.

Oibreoidh an tAcadamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun **na glúine óga a mhealladh** chun dul isteach i ngairmeacha cibearshlándála. I gcomhréir leis an togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint, ba cheart do na Ballstáit bearta a bhunú agus a threisiú chun múinteoirí agus oiliúnóirí speisialaithe a earcú agus oiliúint a chur orthu agus chun gnóthú scileanna cibearshlándála a éascú, lena n-áirítear trí thréimhsí printíseachta. Ba cheart spreagadh a thabhairt chun an chibearshlándáil a chomhtháthú i gcláir oideachais agus oiliúna, agus a n-inrochtaineacht a áirithiú ag an am céanna, tairiscint na bprintíseachtaí agus na dtréimhsí oiliúna a fhorbairt, cuir chuige nuálacha a chothú, lena n-áirítear, mar shampla, feidhmchluichí agus ardáin ionsamhlúcháin chomhroinnte, seachtainí tumoideachais a eagrú i bpoist chibearshlándála, ina mínítear na rólphróifílí neamhtheicniúla. Ba cheart tacaíocht a thabhairt freisin do rannpháirtíocht sna deiseanna foghlama cibearshlándála sin atá ag grúpaí nach furasta teagmháil a dhéanamh leo, amhail daoine óga faoi mhíchumas, a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta nó thuaithe agus ó ghrúpaí mionlaigh eile.

Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a chur ar fáil chun micridhintiúir, agus cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a fhorbairt. Go háirithe, leanfar de na nithe seo a leanas a mhaoiniú faoi Erasmus+: **cláir chomhpháirteacha bhaitsiléara agus mháistreachta**, **cúrsaí nó modúil chomhpháirteacha a bhféadfadh micridhintiúir** agus **dianchláir chumaisc**[62] a bheith mar thoradh orthu maidir le gach ábhar, lena n-áirítear maidir leis an **gcibearshlándáil**. Tacófar freisin le rolladh amach breise de **Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha**[63] agus **na nIonad Barr Feabhais Gairme**[64] chun comhar níos mó a spreagadh idir an t-ardoideachas agus institiúidí ábhartha gairmoideachais agus

[61] CyberSecPro Déanfaidh sé, mar shampla, anailís ar na cláir chibearshlándála, ar na cúrsaí cibearshlándála agus ar na scoileanna samhraidh a chuirtear ar fáil sna hollscoileanna agus ar tháblaí grádaithe an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS) a úsáidtear, áiritheoidh sé go mbeidh an sprioclíon de níos mó ná 530 oiliúnaí rannpháirteach thar an tréimhse 3 bliana, cuirfidh sé oiliúint ar dhaoine seachtracha ó thionscail agus ó earnálacha éagsúla

[62] Le dianchláir chumaisc, comhcheanglaítear teagasc ar líne le tréimhse ghearr de shoghluaisteacht fhisiciúil.

[63] Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha | An Limistéar Eorpach Oideachais (europa.eu)

[64] Ionaid Barr Feabhais Gairme |Erasmus+ (europa.eu)

gairmoiliúna ar fud na nEorpa. Le cláir chistiúcháin ón Aontas, lena n-áirítear Erasmus+ agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, tacófar leis an aidhm sin chun comhar níos mó a bhaint amach, mar a dhéanfar le cistí ón Aontais chun **cuntais foghlama aonair** a fhorbairt[65].

Chun comhar a éascú ar an leibhéal náisiúnta i measc lucht acadúil agus soláthraithe oiliúna i scileanna cibearshlándála le fostóirí san earnáil phríobháideach agus phoiblí agus sineirgí a chothú idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, iarrtar ar Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta féachaint an bhféadfaí **Cibearchampais** a bhunú sna Ballstáit. Bheadh sé d'aidhm ag na Cibearchampais moil sármhaitheasa a chur ar fáil ar an leibhéal náisiúnta don phobal cibearshlándála agus chabhródh an tAcadamh lena líonrú agus lena gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú a thuilleadh.

Cuirfidh ENISA feabhas freisin ar a thairiscint oiliúna i ndáil leis an gcibearshlándáil agus a **catalóg cúrsaí**[66] a ailíniú le próifílí an Chreata Eorpaigh um Scileanna Cibearshlándála agus modúil oiliúna a ullmhú de réir próifíle, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar thairiscintí oiliúna na mBallstát. Ina theannta sin, leathnóidh ENISA a **chlár maidir le 'hoiliúint don oiliúnóir'**[67], lena ndíreofar ar riachtanais ghairmiúla Institiúidí, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Eorpacha, údaráis phoiblí na mBallstát agus **oibreoirí criticiúla poiblí agus príobháideacha** faoi raon feidhme an Dara Treoir NIS.

Ina theannta sin, neartóidh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais a dtairiscint oiliúna i ndáil leis an gcibearshlándáil. Mar shampla, trí bheartas an Aontais maidir leis an gcibearchosaint a chur chun feidhme, forbróidh **an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint** sraith nua cúrsaí cibearshlándála agus déanfaidh sé cuid dá chúrsaí reatha a ailíniú leis an gCreat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála. Beidh deimhniú ar thorthaí foghlama mar thoradh ar na cúrsaí sin[68]. Féachfaidh an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, i gcomhar leis an gCoimisiún, an bhféadfaí deimhnithe a chomhtháthú i dTiachóg EUeID. Déanfaidh an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint tuilleadh scrúdaithe ar an measúnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shásraí scileanna, agus bronnfar na teastais ina n-aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, i réimse an chomhraic i gcoinne na cibearchoireachta, féachfar le dlúthnaisc le **hAcadamh Cibearchoireachta CEPOL**[69] a chruthú chun sineirgí agus comhlántachtaí a chothú i ndearadh agus i gcur chun feidhme curaclam oiliúna.

### *4.3. Sineirgí a chruthú agus infheictheacht a chur ar fáil d'oiliúintí cibearshlándála agus do dheimhniú cibearshlándála ar fud na mBallstát*

Ba cheart don Acadamh aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le hinfheictheacht agus sineirgí oiliúna agus deimhnithe. Rachadh sé sin chun tairbhe na bpobal sibhialta, cosanta, forfheidhmithe dlí agus taidhleoireachta, ós rud é go mbíonn an saineolas céanna de dhíth ar gach earnáil in go leor cásanna, bunaithe ar churaclaim agus ar thorthaí foghlama atá comhchosúil.

---

[65] I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair

[66] Cúrsaí Oiliúna — ENISA (europa.eu)

[67] Clár um Oiliúint don Oiliúnóir — ENISA (europa.eu)

[68] I gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Chinneadh (CBES) 2020/1515 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2016/2382

[69] Bunaíodh Acadamh Cibearchoireachta CEPOL in 2019 chun ardán úrscothach a chur ar fáil chun feabhas a chur ar eolas cibearchoireachta agus ar chibearacmhainneachtaí san Eoraip.

Chuirfeadh an tAcadamh **pointe iontrála aonair** ar fáil dóibh siúd a bhfuil suim acu i ngairm chibearshlándála. Sa ghearrthéarma, déanfar é sin trí fheabhas a chur ar **Ardán an Choimisiúin um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha** le tacaíocht ó thionscadal Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh um Chibearshlándáil. Déanfar nasc idir roinn shonrach a bhaineann le gairmeacha cibearshlándála na huirlisí atá ann cheana, idir chláir ardoideachais agus deiseanna oiliúna, lena n-áirítear cúrsaí as a n-eascróidh micridhintiúir, cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus tairiscintí poist. Bainfear é sin amach trí tagairt a dhéanamh d'obair leanúnach agus do thionscnaimh leanúnacha nó iad a chomhtháthú san ardán, amhail tionscnaimh ENISA, a chuir tús le **mapáil a dhéanamh ar institiúidí oideachais** a chuireann cláir chibearshlándála ar fáil. Feabhsófar é sin a thuilleadh le tacaíocht ó na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta. Ina theannta sin, déanfaidh ENISA **dhá stór d'oiliúint atá ann cheana ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus de dheimhnithe cibearshlándála** a fhorbairt agus a chomhdhlúthú le tacaíocht ó na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta, ón gCoimisiún agus ó thionscadal Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh um Chibearshlándáil, agus i gcomhar le heintitis a bhronnann deimhnithe agus bainfear leas as tionscnaimh ábhartha eile freisin[70]. Déanfar iad sin a chomhtháthú freisin i bpointe iontrála aonair an Ardáin um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha. Rachaidh an obair sin chun tairbhe do Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu cláir oideachais chibearshlándála a chur chun cinn agus a scaipeadh go háirithe[71].

Is gá freisin dearbhuithe a chur ar fáil do ghairmithe go bhfuil an oiliúint a dhéanann siad den chaighdeán riachtanach. Chuige sin, forbróidh ENISA **treoirthionscadal**, ina bhféachfar ar scéim fianaithe Eorpach le haghaidh scileanna cibearshlándála a chur ar bun.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach scileanna agus oiliúint a shainaithint, agus iad a cheangal le próifíl phoist, ach tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go gcuirfear an inniúlacht, an saineolas agus an taithí is gá ar fáil do sheirbhísí cibearshlándála. Is amhlaidh an cás go háirithe i gcás soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe i réimsí amhail freagairt ar theagmhais, tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus comhairleoireacht. Leis an Dara Treoir NIS agus leis an togra le haghaidh Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, leagtar amach cúraimí sonracha do na soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe sin. Dá bhrí sin, tá **leasú spriocdhírithe ar an nGníomh um Chibearshlándáil**[72] á mholadh ag an gCoimisiún freisin chun scéimeanna deimhniúcháin de sheirbhísí slándála bainistithe ar leibhéal an Aontais a chumasú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag scéimeanna deimhniúcháin den sórt sin, *inter alia*, a áirithiú go gcuirfidh baill foirne ag a bhfuil leibhéal an-ard eolais theicniúil agus inniúlachta sna réimsí ábhartha na seirbhísí sin ar fáil.

Le **sásraí um dhearbhú cáilíochta agus um aitheantas le haghaidh micridhintiúr**[73], éascaítear trédhearcacht, inchomparáideacht agus inaistritheacht na dtorthaí foghlama. I

---

[70] Mar shampla, Acadamh W4C — Women4Cyber nó an tionscadal Deimhniúcháin Domhanda Cibearchoireachta le haghaidh Údaráis Forfheidhmithe Dlí agus Údaráis Bhreithiúnacha

[71] '1. Beidh ag na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin na cúraimí seo a leanas: (...) (g) gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le hoideachas, agus cúraimí ábhartha ENISA á gcur san áireamh, oibriú i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta maidir le rannchuidiú féideartha chun cláir oideachais maidir leis an gcibearshlándáil a chur chun cinn agus a scaipeadh', Airteagal 7(1)(g) den Rialachán maidir leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Féach freisin aithris 28 a ghabhann leis.

[72] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)

[73] Mar shampla, taifead nó teastais de thorthaí foghlama a fhaigheann daoine tar éis oiliúint bheag

gcomhréir leis an moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr[74], moltar do na Ballstáit micridhintiúir chibearshlándála a áireamh ina gcreataí náisiúnta cáilíochta. Leis sin, chuirfí ar a gcumas dóibh na micridhintiúir chibearshlándála a nascadh leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí[75]. Tá bonneagar um Dhintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama ar fáil chun cáilíochtaí cibearshlándála atá sínithe go digiteach agus micridhintiúir de dhaoine aonair a eisiúint. Tá sonraí saibhre iontu sin, lena n-áirítear sonraí maidir le torthaí foghlama cibearshlándála, agus is féidir iad a stóráil i **dtiachóg dhigiteach EUeID**[76] amach anseo.

**<u>Gníomhaíochtaí faoin Acadamh</u>**

**Na Ballstáit agus earnáil na tionsclaíochta**

- A áirithiú go dtabharfar tacaíocht d'fhorbairt agus d'aitheantas **micridhintiúr** foghlama cibearshlándála, i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr.
- Cáilíochtaí cibearshlándála a chur san áireamh, lena n-áirítear micridhintiúir i **gCreataí Náisiúnta Cáilíochtaí**.
- **Deiseanna foghlama ar an láthair oibre** a chur ar fáil trí phrintíseachtaí do dhaoine a bheidh ag dul trí thionscnaimh forbartha scileanna cibearshlándála.

**An Coimisiún**

- Sa ghearrthéarma, **pointe iontrála aonair** a chruthú do chláir chibearshlándála, don oiliúint atá ann cheana, agus do dheimhnithe cibearshlándála tríd an **Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha** faoi dheireadh 2023.
- Leasú ar an **nGníomh um Chibearshlándáil** a mholadh chun go mbeifear in ann soláthraithe slándála bainistithe a dheimhniú an 18 Aibreán 2023.

**Comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais**

- **An Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála** a bhunú mar chur chuige coiteann maidir le rólphróifílí cibearshlándála agus scileanna lena mbaineann faoi dheireadh 2023.
- Tá ENISA le tús a chur le forbairt treoirthionscadail lena mbunófar **scéim fianaithe Eorpach** le haghaidh scileanna cibearshlándála sa dara ráithe de 2023.
- Tá ENISA le hathbhreithniú a dhéanamh ar a **chatalóg cúrsaí** agus a **chlár maidir le 'hoiliúint don oiliúnóir'** a oscailt d'oibreoirí criticiúla poiblí agus príobháideacha faoi dheireadh 2023.
- Ailíniú churaclaim **an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint leis an gCreat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála** a chríochnú faoi lár-2023.

[74] Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht

[75] Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus lena n-aisghairtear an moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a bhunú

[76] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí

## 5. Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara: gealltanas a thabhairt maidir leis an mbearna scileanna cibearshlándála a dhúnadh

Faoin Acadamh, forbrófar cur chuige comhordaithe maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna cibearshlándála. Beidh sé d'aidhm aige sin infheictheacht agus tionchar ghealltanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla a uasmhéadú, chun an bhearna scileanna cibearshlándála a laghdú.

Iarrann an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara gealltanais nithiúla a dhéanamh trí na gealltanais maidir le hoibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe, agus iad ag tógáil a mhéid agus is féidir ar an mbeara scileanna cibearshlándála a aithníodh. Ba cheart **gealltanais chibearshlándála páirtithe leasmhara** den sórt sin a thuairisciú ar an **Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha**, ar an gcaoi chéanna le gealltanais dhigiteacha eile atá le feiceáil ar an ardán cheana féin. Molann an Coimisiún a thuilleadh do na páirtithe leasmhara gealltanas cibearshlándála a dhéanamh ar an Ardán chun páirt a ghlacadh sa **Chomhpháirtíocht Mhórscála Dhigiteach faoin gComhshocrú um Scileanna**[77]. Moltar gealltanais chibearshlándála a rinneadh faoin gComhpháirtíocht Mhórscála Dhigiteach a chur isteach ar an Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha. Ar an gcaoi chéanna, spreagtar na gealltanais a tugadh faoin Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha a thuairisciú faoi Chomhpháirtíocht Mhórscála Dhigiteach an Chomhshocraithe um Scileanna.

Ina theannta sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit **iarrachtaí a dhéanamh chun an Dearbhú maidir le Mná san Earnáil Dhigiteach**[78] **a chur chun feidhme** chun mná a spreagadh ról gníomhach agus lárnach a bheith acu in earnáil na teicneolaíochta digití agus cóineasú inscne a bhaint amach i bpoist chibearshlándála. Molann an Coimisiún do na Ballstáit freisin sineirgí a fhorbairt lena gcláir **Chiste Sóisialta na hEorpa**+ (CSE+) chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chuspóir an chomhionannais inscne i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair[79], mar shampla trí **chláir mheantóireachta le haghaidh cailíní agus ban** a bhunú. Leis na cláir sin, is féidir eiseamláirí a chruthú chun cailíní a mhealladh chuig gairmeacha cibearshlándála, agus chun troid i gcoinne steiréitíopaí a bhaineann le hinscne an tráth céanna. Spreagtar leis sin freisin uas-sciliú agus athsciliú na mban agus cothaítear pobal a fhorbairt, ar féidir leis tacú le mná dul isteach sa mhargadh fostaíochta cibearshlándála nó iad a chur chun cinn ann.

Ba cheart do na Ballstáit **bearta sonracha a ghlacadh, mar chuid dá straitéisí náisiúnta cibearshlándála**, **d'fhonn an ganntanas scileanna cibearshlándála a mhaolú**[80], lena sainaithnítear agus lena ndírítear iarrachtaí ar bhealach níos fearr chun na bearnaí scileanna a dhúnadh agus, ar deireadh, cur chun feidhme cuí a n-oibleagáidí faoin Dara Treoir NIS a áirithiú.

Baineann roinnt Ballstát úsáid as sineirgí idir **tionscnaimh shibhialtacha, tionscnaimh chosanta agus tionscnaimh forfheidhmithe dlí**. Mar shampla, lucht saothair a mhéadú trí úsáid a bhaint as a seirbhís mhíleata éigeantach náisiúnta, nó úsáid a bhaint as cibear-

[77] Comhpháirtíochtaí Eorpacha nua seolta chun uaillmhianta an Aontais don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach |Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.eu), a cuireadh le chéile faoin gComhshocrú um Scileanna chun dul i ngleic leis an nganntanas gairmithe teicneolaíochta faisnéise (TFC)

[78] Geallann na Ballstáit rannpháirtíocht na mban san earnáil dhigiteach a chur chun cinn |Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (europa.eu)

[79] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, Airteagal 4(1)(c)

[80] An Dara Treoir NIS, Airteagal 7(2)(f)

chúltacairí, ar saoránaigh mhíleata iad a líonann poist chibearshlándála sna fórsaí armtha[81], rud a chuireann ar chumas an phobail, agus go háirithe daoine fásta óga, a scileanna cibearshlándála agus cibearchosanta a mhéadú. Is amhlaidh atá maidir leis an **gcibearchoireacht a chomhrac** toisc go bhfuil go leor cosúlachtaí ann idir iarrachtaí ginearálta cibearshlándála agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí sa fhreagairt ar theagmhais chibearshlándála. Molann an Coimisiún plé i measc na mBallstát maidir leis na tionscnaimh sin agus iarrann sé orthu measúnú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr is féidir leis na pobail chosanta agus shibhialtacha chibearshlándála leas a bhaint as lucht saothair oilte.

Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar thograí maidir le conas na bearnaí atá ann faoi láthair agus na bearnaí a bhfuiltear ag súil leo a líonadh, ar bearnaí iad a sainaithníodh ina athbhreithniú ar riachtanais Institiúidí, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Eorpacha. Spreagfaidh sé baill foirne go háirithe chun leas a bhaint as an **gcomhaltacht chibearshlándála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe (SAM)** a bhunófar faoin idirphlé idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe.

**<u>Gníomhaíochtaí faoin Acadamh</u>**

**Earnáil na tionsclaíochta**

- Gealltanais shonracha chibearshlándála a mholadh ar an Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteach ón 18 Aibreán 2023 ar aghaidh.

**Na Ballstáit**

- Bearta sonracha a chur san áireamh sna straitéisí náisiúnta cibearshlándála chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna cibearshlándála.

**Na Ballstáit agus earnáil na tionsclaíochta**

- An Dearbhú maidir le Mná san Earnáil Dhigiteach a chur chun feidhme agus **cóineasú inscne i bpoist chibearshlándála** a bhaint amach faoi 2030.

## 6. Maoiniú: sineirgí a chothú chun an tionchar is mó is féidir a bhaint as an gcaiteachas i leith scileanna cibearshlándála a fhorbairt

Faoin Acadamh, déanfar tionchar na n-infheistíochtaí i scileanna cibearshlándála a uasmhéadú trí phointe iontrála comhchoiteann a chur ar fáil, lena n-éascófar na cistí a dhíriú níos fearr i dtreo riachtanais an mhargaidh agus lena ndéanfar úsáid an chistithe a phríomhshruthú, lena n-éascófar sineirgí idir ionstraimí éagsúla agus dúbailt iarrachtaí á seachaint ag an am céanna[82].

### *6.1. Na cistí a mheaitseáil leis na riachtanais*

Faoin Acadamh, le tacaíocht ón gCoimisiún, ó thionscadal Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh um Chibearshlándáil agus ó na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta, baileoidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála **faisnéis faoin gcaoi a n-úsáidtear cistí**

[81] Tuarascáil - *Cyber Conscription: Experience and Best Practice from Selected Countries*, Martin Hurt agus Tiia Sõmer, an Lárionad Idirnáisiúnta um Chosaint agus Slándáil, Mí Feabhra 2021

[82] Deiseanna cistiúcháin (europa.eu) Cuireann Seirbhísí tacaíochta an Chomhshocraithe um Scileanna pointe iontrála aonair ar fáil d'fhaisnéis maidir le cistiú scileanna lena n-áirítear don Éiceachóras Digiteach. Cuireann Seirbhísí Tacaíochta an Chomhshocraithe faisnéis chineálach ar fáil maidir le hionstraimí cistiúcháin nach bhfuil dírithe go sonrach ar scileanna cibearshlándála, d'ainneoin sin ba cheart don Acadamh a gcuid oibre a chur san áireamh chun dúbailt a sheachaint.

**an Aontais chun scileanna cibearshlándála a mhaoiniú**, agus déanfaidh sé measúnú ar an gcaoi a bhfuil cistí an Aontais ag tacú le laghdú na bearna scileanna cibearshlándála. Agus an fhaisnéis chomhiomlánaithe sin á cur san áireamh, féachfaidh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála lena áirithiú go gcuirfear cistí an Aontais i dtreo na riachtanas sainaitheanta ar bhealach níos fearr. Cuirfidh sé cistiúchán ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtabharfaí aghaidh ar na bearnaí is práinní sa lucht saothair cibearshlándála, lena n-áirítear na bearnaí sin a bhaineann le riachtanais an bheartais cibearshlándála a chur chun feidhme.

### *6.2. Infheictheacht a chur ar fáil do na cistí agus na tionscnaimh chomhpháirtíochta atá ar fáil le haghaidh scileanna cibearshlándála*

Sa ghearrthéarma, beidh an **tArdán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha** ina phointe iontrála aonair do pháirtithe leasmhara, áit a mbeidh an fhaisnéis uile maidir le deiseanna cistiúcháin le haghaidh scileanna cibearshlándála ar fáil.

Tá an tAontas ag infheistiú i ndaoine agus ina scileanna agus tá comhpháirtíochtaí á n-úsáid aige go háirithe le hearnáil na tionsclaíochta chun gníomhaíocht a spreagadh maidir le huas-sciliú agus athsciliú trí roinnt ionstraimí a shainaithnítear faoin **gClár Oibre Scileanna don Eoraip**[83], go háirithe an **Comhshocrú um Scileanna**[84] agus an **Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach**[85]**.** Leis an **gClár don Eoraip Dhigiteach**, cuirtear cistiúchán ar fáil do dheiseanna scileanna cibearshlándála, go háirithe trí thionscnaimh tionscadail iltíre, i gcomhlántacht shoiléir leis an tacaíocht a chuireann Fís Eorpach ar fáil le haghaidh taighde agus réitigh theicneolaíocha nuálacha sa chibearshlándáil. Maoinítear taighde agus forbairt teicneolaíochta leis an **gCiste Eorpach Cosanta**[86] chun cibearoibríochtaí éifeachtúla a dhéanamh, lena n-áirítear oiliúint agus cleachtaí[87]. Leanfar de thacaíocht a thabhairt le **Erasmus+** do thionscnaimh den sórt sin, lena n-áirítear trí dhianchláir chumaiscthe agus trí thionscadail chomhair.

Moltar do na Ballstáit leas a bhaint as na cistí ón Aontas a bhainistíonn siad go díreach chun tacú le scileanna cibearshlándála agus poist chibearshlándála. Beidh cistí an bheartais comhtháthaithe tábhachtach le haghaidh sineirgí chuige sin, amhail **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)** agus **CSE+**[88]. I raon feidhme na ngníomhaíochtaí faoin **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**[89] agus **InvestEU**[90], áirítear comhlántachtaí ríthábhachtacha breise maidir le cuspóirí an Acadaimh a bhaint amach.

---

[83] Clár Oibre Eorpach do Scileanna Nua - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[84] Ionstraimí cistiúcháin an Aontais le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[85] Plean Gníomhaíochta 2021-2027 don Oideachas Digiteach

[86] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1092

[87] Tá na Ballstáit tiomanta oiliúint chomhpháirteach agus cleachtaí chomhpháirteacha a dhéanamh, mar shampla trí chibearoiliúint agus cibearchleachtaí Buanchomhair Struchtúrtha (PESCO) a bhunú agus a bheith rannpháirteach iontu amhail Acadamh agus Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh um Earnáil na Cibearchosanta (EU CAIH) agus Cibear-raonta Cónasctha.

[88] Rialachán (AE) 2021/1058, Airteagal 3(1) agus Rialachán (AE) 2021/1057, Airteagal 4(1)(g)

[89] Mar shampla, foráiltear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hEastóine go ndéanfar infheistíocht (EUR 10 milliún) i scileanna digiteacha lena n-áireofar athbhreithniú ar an oiliúint atá ar fáil do shaineolaithe TFC, uas-sciliú agus athoiliúint speisialtóirí TFC sa chibearshlándáil a chistiú agus rannchuideofar le clár píolótach a fhorbairt chun an creat cáilíochta do speisialtóirí TFC a athdhearadh.

[90] Is féidir le páirtithe leasmhara (e.g. soláthraithe oiliúna agus cuideachtaí atá ag iarraidh a ngníomhaíochtaí oiliúna cibearshlándála a dhearadh nó a fheabhsú) dul i dteagmháil le Mol Comhairleach InvestEU, lena gcuirtear tacaíocht agus

**<u>Gníomhaíochtaí faoin Acadamh</u>**

**An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus ENISA**

- **Mapáil** a dhéanamh ar chistiú ón Aontas atá ann cheana le haghaidh scileanna cibearshlándála in aghaidh riachtanais an mhargaidh, measúnú a dhéanamh ar an **éifeachtacht** agus **tosaíochtaí** cistiúcháin a shainaithint faoi dheireadh 2024.

**An Coimisiún**

- **Pointe iontrála aonair** a chruthú i gcomhair deiseanna cistiúcháin le haghaidh scileanna cibearshlándála ar an Ardán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha faoi dheireadh 2023.

## 7. An dul chun cinn a thomhas: cuntasacht ionsuite

Faoin Acadamh, forbrófar **modheolaíocht** lena bhféadfar **an dul chun cinn a thomhas maidir leis an mbearna scileanna cibearshlándála a dhúnadh**.

### *7.1. Táscairí cibearshlándála a shainiú chun faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn mhargadh saothair na cibearshlándála*

San **Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach** déantar achoimre ar tháscairí maidir le feidhmíocht dhigiteach na hEorpa agus rianaítear dul chun cinn Bhallstáit an Aontais. Faoin Acadamh Scileanna Cibearshlándála, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise[91], déanfaidh ENISA **táscairí** a fhorbairt, lena n-áirítear táscairí a bhaineann le hinscne, chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i mBallstáit an Aontais chun an líon gairmithe cibearshlándála a mhéadú, agus rachaidh sé i gcomhairle freisin le gníomhaithe margaidh ábhartha agus leis na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta. Bainfidh ENISA leas as modheolaíocht an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach[92] agus áiritheoidh sé go mbeidh na táscairí i gcomhréir le spriocanna digiteacha na hEorpa maidir le gairmithe TFC agus maidir le cóineasú inscne a bhaint amach san earnáil TFC. Oibreoidh an Coimisiún ansin chun táscairí den sórt sin a chomhtháthú san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann rianú bliantúil a dhéanamh ar staid na scileanna cibearshlándála agus ar an margadh fostaíochta.

### *7.2. Sonraí a bhailiú agus tuairisciú a dhéanamh*

Baileoidh ENISA na sonraí faoi na táscairí le tacaíocht ó thionscadal Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh um Chibearshlándáil agus ó na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta. Bunaithe ar na sonraí a bhailítear, cuirfidh ENISA amach **tuarascáil bhliantúil**

cúnamh teicniúil ar fáil, lena n-áirítear fothú acmhainneachta d'fhorbróirí agus d'eintitis tionscadail, agus is féidir leo dul i gcomhairle le Tairseach InvestEU.

[91] Leas a bhaint as an modheolaíocht atá le forbairt ag ENISA agus í a chomhlánú chun críocha thuarascáil dhébhliantúil na gníomhaireachta maidir le staid na cibearshlándála san Aontas de bhun Airteagal 18(3) den Dara Treoir NIS.

[92] Féach Nóta Modheolaíochta 2022 ón Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach |Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (europa.eu)

lena rannchuideofar le staid na Tuarascála maidir leis an Deacáid Dhigiteach[93], agus cuirfidh an tuarascáil sin, in éineacht leis an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, leis an anailís thírshonrach agus leis na moltaí tírshonracha faoi leith leis an **Seimeastar Eorpach**[94]. Ina theannta sin, leis na táscairí maidir le scileanna cibearshlándála, rannchuideofar leis an **tuarascáil dhá bhliain** ó ENISA maidir le staid na cibearshlándála san Aontas dá bhforáiltear sa Dara Treoir NIS, lena gcumhdaítear cumais, feasacht agus sláinteachas cibearshlándála ar fud an Aontais.

### *7.3.Eochairtháscairí feidhmíochta a ullmhú le haghaidh na cibearshlándála*

D'fhonn an bhearna thallainne chibearshlándála san Eoraip a dhúnadh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta, déanfaidh ENISA eochairtháscairí feidhmíochta a mholadh don Choimisiún, agus leas á bhaint as modheolaíocht Chlár Beartais na Deacáide Digití 2030, agus as taithí an tionscail. Tabharfaidh ENISA aird chuí ar na heochairtháscairí feidhmíochta a úsáideann na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar a straitéisí náisiúnta cibearshlándála[95].

**<u>Gníomhaíochtaí faoin Acadamh</u>**

**ENISA**

- **Táscairí agus eochairtháscairí feidhmíochta** maidir le scileanna cibearshlándála a ullmhú faoi dheireadh 2023.
- **Sonraí a bhailiú** maidir le táscairí agus tuairisc a thabhairt orthu, leis an gcéad bhailiú faoi 2025.

**An Coimisiún**

- Obair a dhéanamh i dtreo chomhtháthú na **dtáscairí maidir leis an gcibearshlándáil san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach** agus sa **Tuarascáil maidir le Staid na Deacáide Digití**.

## 8. Conclúid

Sa Teachtaireacht seo, leagtar amach an bunús chun athchóiriú a dhéanamh ar chur chuige an Aontais maidir le borradh a chur faoi scileanna cibearshlándála do ghairmithe san Aontas. Is é an aidhm atá ann an bhearna scileanna cibearshlándála a laghdú agus an lucht saothair is gá a thabhairt don Aontas ionas go mbeidh sé in ann freagairt do thimpeallacht na bagartha atá ag teacht chun cinn, beartais an Aontais a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh an tAontas a chosaint ar chibirionsaithe, ach freisin borradh a chur faoi dheiseanna gnó agus faoin iomaíochas. Is féidir le lucht saothair cibearshlándála oilte dul chun tairbhe **na bpobal sibhialtach, cosanta, taidhleoireachta agus forfheidhmithe dlí**, rud a éascaíonn sineirgí eatarthu.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara uile uaillmhian an Acadaimh Scileanna Cibearshlándála a bhaint amach.

[93] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach

[94] Ibid, aithris 25

[95] An Dara Treoir NIS, Airteagal 7(4)